# Cruinniú Bord Bainistíochta Coláiste Ailigh

## Tuairisc Aontaithe

| | |
|---|---|
| **Dáta:** | 11 Samhain 2025 |
| **Leithscéalta:** | Blaine Ó Maolagáin<br>Éimear Nic Íomhair<br>Seán Mac Aodha |
| **Freastal ar chruinniú:** | Bernadette Ní Dhuibhir, Cathaoirleach<br>Pádraig Mac An Bhiocaire<br>Raghnall Ó Cuinn<br>Helen Uí Cheallaigh<br>Caitlín Uí Chochláin |
| **Rúnaí:** | Seán Mac Suibhne |
| **Rúnaí Taifeadta:** | Mairéad Uí Dhochartaigh |

| | |
|---|---|
| 1 | **Fáilte**<br>Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na baill den Bhord chuig an chruinniú. |
| 2 | **Miontuairiscí ón chruinniú dheireanach**<br><br>Glacadh leis na miontuairiscí ón chruinniú ar an 17 Meán Fómhair 2025 a eisíodh roimh an chruinniú ar mholadh Caitlín Uí Chochláin, cuidithe leis ag Raghnall Ó Cuinn. |
| 3 | **Nithe ag éirí as**<br>Cruinniú boird i mí Eanáir athraithe go dtí an 21 Eanáir 2026. |
| 4 | **Comhfhreagras**<br>Eisíodh nasc don uasdátú coicísiúil ón Roinn Oideachais roimh an chruinniú. |
| 5 | **Tuarascáil an Phríomhoide**<br>Eisíodh cóip le naisc bheo chuig míreanna ar leith ar an tuairisc roimh an chruinniú, agus pléadh na míreanna éagsúla ann, ina measc: |
| 5.1 | **Ceannaireacht agus Bainistíocht** |
| 5.1.1 | **Córas Meantóireachta** : tá an córas i bhfeidhm arís i mbliana. |
| 5.1.2 | **Lá Traenála ar Chosaint Leanaí**. Beidh lá traenála ag foireann iomlán na scoile ar an Luan, 8 Nollaig 2025. |
| 5.1.3 | **Seó Réaltaí Ailigh** : thréaslaigh na baill den Bhord na daltaí go léir a bhí páirteach sa seó sa Ghrianán ar an 22 agus 23 Deireadh Fómhair, agus thug siad moladh agus buíochas do Mháistreás Uí Thaidhg agus Máistreás Uí Ruadháin, beirt stiúrthóir ar an seó. |
| 5.4 | **Nuashonrú ar Imeachtaí Scoile**<br><br>• 5.8.1. 18/09/2025: Seó IB i mBÁC<br>• 5.8.2. 24/09/2025: Lá Naisiúnta 'Bí Aclaí'<br>• 5.8.3. 02/10/2025: Oíche Eolais Tuismitheoirí 6ú Bliain - Gairmeacha srl. |

| | |
|---|---|
| | • 5.8.4. 06/10/2025: Ceardlann Idirbhliana - Forensic Fun<br>• 5.8.5. 07/10/2025: IB - Seó Shábháilteacht Bóithre<br>• 5.8.6. 08/10/2025: Lá agus Oíche Oscailte Choláiste Ailigh<br>• 5.8.7. 08/10/2025: Torthaí na Sraithe Sóisearaí 2025<br>• 5.8.8 13/10/2025: Seachtain Scileanna Staidéir<br>• 5.8.9. 18/10/2025: Cuairteoirí ó Pittsburgh i gColáiste Ailigh<br>• 5.8.10. 22/10/2025: Seó scoile - Realtaí Ailigh<br>• 5.8.11. 03/11/2025: Lá Oide - Cnuascruinnithe<br>• 5.812. 10/11/2025: Seachtain Chairdis<br>*Imeachtaí móra ag teacht aníos*<br>• 5.8.13. 12/11/2025: Cruinnithe Tuismitheoirí 3ú/6ú<br>• 5.8.14. 13/11/2025: Aonach Gairmeacha<br>• 5.8.15. 17/11/2025: Seachtain na Mata<br>• 5.8.16. 18/11/2025: Comórtas Scléip Uladh<br>• 5.8.17. 20/11/2025: Cruinnithe Tuismitheoirí 2ú/5ú bliain<br>• 5.8.18. 25/11/2025: Tráth na gCeist Feachtas - babtha réigiúnach<br>• 5.8.19. 02/12/2025: Scrúduithe na Nollag<br>• 5.8.20. 08/12/2025: Oide - Oiliúint um Chosaint Leanaí 2025/2026<br>• 5.8.21. 11/12/2025: Margadh na Nollag<br>Féilire Scoile 'beo' ar www.colaisteailigh.ie |
| **10** | **Tuarascáil Airgeadais**<br>Thréaslaigh an Bord Pádraig Mac Aoidh ar ar bronnadh scoláireacht Naughton air ag searmanas i mBaile Átha Cliath ar an 18 Deireadh Fómhair, ócáid ag a raibh an Príomhoide i láthair. |
| **11a**<br><br><br><br><br><br>**11.2**<br><br>**11.3**<br>**11.3.1** | **Teagasc agus Foghlaim**<br>**Eispéiris na bhFoghlaimeoirí**<br>**Aonach Gairmeacha** : beidh thar tríocha aoi linn ar an Déardaoin, 13 Samhain, beidh deis ag achan bliainghrúpa freastal ar an Aonach. Thréaslaigh an Bord Helen Uí Cheallaigh agus Aoife de Náis ó fhoireann na scoile, chomh maith le Dymphna Donaghey agus Feargal Ó hEagáin ó choiste na dtuismitheoirí as a gcuid oibre dhíograiseach ar an Aonach.<br>**Caidreamh Poiblí**: thug na baill den Bhord ardmholadh do Mháistreás de Náis agus Máistir Ó Breacáin as bolscaireacht a dhéanamh ar na meáin faoi imeachtaí scoile.<br>**Cleachtas Aonair do Mhúinteoirí**<br>**Tinreamh** : rinneadh bronnadh ar dhaltaí nár chaill lá go dtí sos Iarthéarma. |
| **11b**<br>**11.1** | **Pleanáil le haghaidh Fobairt Scoile**<br>**Éiteas:** Roinneadh fís leis na baill den Bhord inar léirigh na hambasadóirí éitis sa scoil na himeachtaí atá ar bun acu. |
| **15**<br>**15.1**<br><br>**15.2** | **Tuarascáil na bhFochoistí Scoile**<br>**Tuarascáil Chumainn na dTuismitheoirí**. Scaipeadh cóip de thuairisc ar ghníomhaíochtaí an chumainn.<br>**Tuarascáil Chomhairle na nDaltaí**. Scaipeadh cóip de thuairisc ar ghníomhaíochtaí an chomhairle. |
| **16**<br>**16.1** | **Míreanna sa Chlár Oibre Breise**<br>**Riachtanais Oideachais Breise**<br>Roinneadh cóip de dhréachtphlean uile scoile do scoláirí le riachtanais oideachais breise don scoilbhliain 2025/26. |
| **20** | **Dáta agus am an chéad chruinniú eile**<br>An Chéadaoin, 21 Eanáir 2026 ag 3.30 i.n. sa scoil. |